**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2634 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29 Iúil 2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forálacha sonracha atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Céinia**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/287 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme clásal coimirce dhéthaobhach agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tír amháin nó níos mó. Ní dhéanann forálacha Rialachán (AE) 2019/287 difear d'aon fhoráil shonrach atá sna comhaontuithe trádála sin, i gcás nach bhfuil na forálacha sin i gcomhréir leis an Rialachán sin. Tá na forálacha sonracha sin atá i gcomhaontuithe trádála áirithe liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

(2) Tá Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche ([2]) tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an gCéinia ina bhfuil forálacha áirithe maidir le coimircí déthaobhacha nach bhfuil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/287. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([1]) IO L 53, 22.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/287/oj.
([2]) IO L, 2024/1648, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj.

*IARSCRÍBHINN*

**Comhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | 1.7.2024 |
| Clásail coimirce dhéthaobhacha agus/ nó sásraí eile | Teideal VI Bearta Cosanta Trádála |
| Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú | Airteagal 50.1<br><br>'1. Tar éis do Pháirtí scrúdú a dhéanamh ar mhalartacha eile, féadfaidh sé bearta coimirce a chur i bhfeidhm a mhairfidh go ceann tréimhse theoranta a mhaolaíonn ó Airteagail 10 agus 11 faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.'<br>Airteagal 50.2<br><br>'2.<br>Féadfar bearta coimirce dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh i gcás ina bhfuil táirge de thionscnamh Páirtí amháin á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an méid seo a leanas nó ina gcúis bhagartha lena leithéidí:<br>(a) mórdhíobháil don tionscal intíre a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht go díreach leo i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;<br>(b) suaitheadh in earnáil den gheilleagar, go háirithe i gcás inar cúis mórfhadhbanna sóisialta, nó deacrachtaí a d'fhéadfadh meathlú tromchúiseach a tharraingt ar staid eacnamaíoch an Pháirtí is allmhaireoir é an suaitheadh sin; nó<br>(c) suaitheadh i margaí táirgí talmhaíochta (*) comhchosúla nó i margaí táirgí talmhaíochta atá in iomaíocht go díreach leo nó sna sásraí a rialaíonn na margaí sin.'<br><br>(*) Chun críche an airteagail seo, is iad na táirgí talmhaíochta iad sin a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht.<br>Airteagal 50.3(b) agus (c)<br><br>'3.<br>Ní bheidh bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo níos mó ná mar is gá chun an mhórdhíobháil nó an suaitheadh a leigheas nó a chosc, mar a shainítear i míreanna 2 agus 5(b). D'fhéadfadh sé nach mbeadh i mbearta coimirce an Pháirtí is allmhaireoir ach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:<br>(b) méadú ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann suas le leibhéal nach mó ná an dleacht chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála; agus<br>(c) cuótaí taraife a thabhairt isteach ar an táirge lena mbaineann.'<br>Airteagal 50.4<br><br>'4. Gan dochar do mhíreanna 1 go 3, i gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh an Stáit is Comhpháirtí EAC á allmhairiú i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le ceann de na cásanna dá dtagraítear faoi mhír 2 chuig ceann amháin nó chuig roinnt de na réigiúin is forimeallaí san Aontas, nó a d'fhéadfadh a bheith a bheith ina gcúis bhagartha lena leithéid, féadfaidh an tAontas bearta faireachais nó bearta coimirce a dhéanamh a bheidh teoranta don réigiún nó do na réigiúin lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9.' |

| | |
|---|---|
| | Airteagal 50.5<br><br>'5. (a) Gan dochar do mhíreanna 1 go 3, i gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh an Aontais á allmhairiú i gcainníochtaí atá chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le ceann de na cásanna dá dtagraítear i mír 2 don Stát is Comhpháirtí EAC nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis nó a bheith ina gcúis bhagartha lena leithéid, féadfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC bearta faireachais nó bearta coimirce a dhéanamh a bheidh teoranta dá gcríoch féin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9.<br>'(b) Féadfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC bearta coimirce a dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 6 go 9, i gcás ina bhfuil táirge de thionscnamh an Aontais de thoradh an laghdaithe ar dhleachtanna á allmhairiú isteach ina gcríoch féin i gcainníochtaí chomh méadaithe sin agus faoi dhálaí den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis nó a bheith ina gcúis bhagartha le suaitheadh don naíthionscal a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht go díreach leo nó a d'fhéadfadh a leithéid a dhéanamh. Ní bheidh foráil den sórt sin infheidhme ach amháin go ceann tréimhse 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh Comhairle CCE síneadh a chur leis an tréimhse sin go ceann uastréimhse cúig (5) bliana.'<br>Airteagal 50.6<br><br>'6. (a) Ní choinneofar bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo ar bun ach go ceann tréimhse ama de réir mar a bheidh gá leis chun mórdhíobháil nó suaitheadh mar a shainítear i míreanna 2, 4 agus 5 a chosc nó a leigheas.<br>(b) Ní chuirfear bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm go ceann tréimhse nach mó ná 2 bhliain. I gcás inar ann i gcónaí do na himthosca lena n-éilítear bearta coimirce a fhorchur, féadfar síneadh a chur le bearta den sórt sin go ceann tréimhse bhreise nach mó ná 2 bhliain. I gcás ina gcuireann an Stát is Comhpháirtí EAC beart coimirce i bhfeidhm, nó i gcás ina gcuireann an tAontas beart coimirce i bhfeidhm a bheidh teoranta do chríoch ceann amháin nó níos mó dá réigiúin is forimeallaí, féadfar beart den sórt sin a chur i bhfeidhm mar sin féin go ceann tréimhse nach faide ná 4 bliana agus, i gcás inar ann i gcónaí do na himthosca lena n-éilítear bearta coimirce a fhorchur, féadfar síneadh a chur leo go ceann tréimhse bhreise 4 bliana.<br>(c) Bearta coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo ar mó iad ná 1 bhliain amháin, beidh eilimintí soiléire iontu as a gcuirfear deireadh leo de réir a chéile faoi dheireadh na tréimhse socraithe, ar a dhéanaí.<br>(d) Ní chuirfear beart coimirce dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm maidir le hallmhairiú táirge a bhí faoi réir beart den sórt sin roimhe seo go ceann tréimhse 1 bhliain amháin ar a laghad ó chuaigh an beart in éag.'<br>Airteagal 50.7<br><br>'7.<br>Chun míreanna 1 go 6 a chur chun feidhme, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:<br>(a) i gcás ina bhfuil Páirtí den tuairim gur ann do cheann de na himthosca a leagtar amach i míreanna 2, 4 nó 5, tarchuirfidh sé an cás láithreach chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach lena scrúdú;<br>(b) féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach aon mholadh is gá a dhéanamh chun na himthosca a tháinig chun cinn a leigheas; mura ndéanfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach aon mholadh atá dírithe ar na himthosca a leigheas, nó mura dtiocfar ar aon réiteach sásúil eile laistigh de 30 lá ó tharchuirtear an t-ábhar chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta iomchuí a ghlacadh chun na himthosca a leigheas i gcomhréir leis an Airteagal seo; |

| | |
|---|---|
| | (c) sula ndéanfaidh an Stát is Comhpháirtí EAC aon bheart dá ndéantar foráil san Airteagal seo nó, sna cásanna a bhfuil feidhm ag mír 8 den Airteagal seo maidir leo, a luaithe is féidir, soláthróidh an Stát is Comhpháirtí EAC do Choiste na nOifigeach Sinsearach an fhaisnéis iomchuí go léir is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an gcás, d'fhonn teacht ar réiteach is inghlactha ag na Páirtithe lena mbaineann;<br>(d) agus na bearta coimirce de bhun an Airteagail seo á roghnú, ní mór tosaíocht a thabhairt dóibh sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo;<br>(e) aon bheart coimirce a dhéanfar de bhun an Airteagail seo tabharfar fógra maidir leis i scríbhinn láithreach do Choiste na nOifigeach Sinsearach agus beidh sé faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den chomhlacht sin, go háirithe d'fhonn tráthchlár a leagan síos chun deireadh a chur leo a luaithe agus a cheadóidh imthosca déanamh amhlaidh.'<br>Airteagal 50.8<br><br>'8. I gcás ina gceanglófar gníomhaíocht láithreach mar gheall ar imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir lena mbaineann na bearta dá ndéantar foráil i mír 3, 4 nó 5 a dhéanamh ar bhonn sealadach gan ceanglais mhír 7 a chomhlíonadh. Féadfar gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh go ceann uastréimhse 180 lá i gcás ina ndéanann an tAontas bearta, agus 200 lá i gcás ina ndéanann an Stát is Comhpháirtí EAC bearta nó i gcás ina bhfuil bearta arna ndéanamh ag an Aontas teoranta do chríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí dá chuid. Cuirfear fad aon bhirt shealadaigh den sórt sin san áireamh sa tréimhse thosaigh agus aon síneadh dá dtagraítear i mír 6. Agus bearta sealadacha den sórt sin á ndéanamh, cuirfear leas na bPáirtithe uile lena mbaineann san áireamh, lena n-áirítear a leibhéal forbartha. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir lena mbaineann an Páirtí eile ar an eolas agus cuirfidh sé an t-ábhar ar aghaidh láithreach chuig Coiste na nOifigeach Sinsearach lena scrúdú.'<br>Airteagal 50.9<br><br>'9. Má chuireann Páirtí is allmhaireoir allmhairí táirge faoi réir nós imeachta riaracháin arb é is aidhm dó soláthar mear faisnéise a dhéanamh maidir le treocht na sreafaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na fadhbanna dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfidh sé Coiste na nOifigeach Sinsearach ar an eolas gan mhoill.'<br>Airteagal 50.10<br><br>'10. Ní dhéanfar Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála a agairt chun bac a chur ar Pháirtí bearta coimirce a ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.' |